



Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Treoir maidir le Saoráil Faisnéise

Treoir maidir le feidhmeanna agus taifid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus rialacha
agus nósanna imeachta gaolmhara

(arna heisiúint i gcomhréir le hAlt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014)

Féadfaidh 2024

CLÁR ÁBHAR

Leathanach

Cúlra	3
Réamhrá	3
Srianta an Achta.....	4
Faisnéis a bhíonn ar fáil go rialta	4
Cur Síos agus Feidhmeanna.....	4
Ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	4
Sainchúram iniúchóireachta an ARCC	5
Torthaí iniúchta a thabhairt le fios	5
Struchtúr Eagraíochta	6
Rialacha agus Cleachtais	7
Seirbhísí Lárnacha	7
Iniúchóireacht airgeadais	7
Tuairisciú	7
Soláthar Seirbhíse	8
Aschur8	
Cén fhaisnéis atá ar fáil?.....	8
Cá bhfuil faisnéis ar fáil faoi láthair?	8
Conas larratas a dhéanamh ar Fhaisnéis	9
larratas a dhéanamh ar fhaisnéis faoin Acht SF.....	9
Cé na táillí a ghearrtar?	10
Ceart chun athbhreithnithe agus achomhairc	10
GLUAIS TÉARMAÍ	13

Cúlra

Réamhrá

Cuirtear an lámhleabhar seo le chéile i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (an tAcht SF). Foráiltear san Acht SF go bhfuil na cearta dlíthiúla seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais nó comhlachtaí poiblí eile a chloíonn le forálacha Alt 6 den Acht SF
- an ceart go ndéanfar faisnéis phearsanta atá á coimeád fúthu a cheartú nó a nuashonrú, sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart chun faisnéis a fháil faoi na fáthanna le cinntí a théann i bhfeidhm orthu arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí.

Fágann na cearta seo gur féidir le daoine rochtain i leith ar fhaisnéis phearsanta atá á coimeád fúthu, gan aird ar cathain a cruthaíodh an fhaisnéis, agus ar thaifid eile a cruthaíodh i ndiaidh an 21 Aibreán 1998.

Dearbhaítear san Acht SF an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a bheith acu ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus le ceart daoine aonair chun príobháideachta.

Is é cuspóir na treorach seo teacht ar fhaisnéis oifigiúil atá á coimeád ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (an Oifig) trí chuntas a thabhairt ar an méid seo a leanas:

- aicmí faisnéise a fhoilsímid nó a bheartaímid a fhoilsiú
- struchtúr agus feidhmeanna na hOifige
- mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthraímid agus ar an mbealach is féidir leas a bhaint astu
- faisnéis faoi na haicmí taifead a choimeádaimid agus
- faisnéis faoi conas iarraidh a dhéanamh linn faoin Acht SF.

Srianta an Achta

Foráiltear in Alt 42(g) den Acht SF nach mbeidh feidhm ag an Acht SF maidir le taifead a bhaineann le hiniúchadh, imscrúdú, cigireacht nó scrúdú faoina dtugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an ARCC) faoi Achtanna an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Achtanna, 1923 agus 1993, the Exchequer and Audit Department Acts, 1866 agus 1921, nó aon achtú eile seachas

- an taifead sin a cruthaíodh sular cuireadh tús leis an imsrúdaithe, an iniúchadh, an chigireacht nó an scrúdú, nó
- taifead a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Faisnéis a bhíonn ar fáil go rialta

Cuireann an Oifig faisnéis ar fáil don phobal maidir lena feidhmeanna agus gníomhaíochtaí. Leanfaidh fáil a bheith ar an bhfaisnéis sin gan aon ghá a bheith leis an Acht SF a úsáid. Tugtar chun solais sa treo seo, maidir le gníomhaíochtaí na hOifige, nuair a bhíonn faisnéis den chineál seo ar fáil.

Tá an tAcht SF in ainm is rochtain phoiblí a cheadú ar fhaisnéis atá á coimeád ag comhlachtaí poiblí NACH mbíonn ar fáil go rialta trí fhoinsí eile. Bíonn teacht ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus baineann nósanna imeachta agus teorainneacha ama ar leith leis. Cuirtear sonraí ar fáil sa treo seo maidir le struchtúr na hOifige chun cabhrú leat teacht ar fhaisnéis faoin Acht SF.

Cur Síos agus Feidhmeanna

Ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Glacann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (an ARCC) le ról lárnach sa phróiseas cuntasachta poiblí trí dhearbhu a sholáthar do Dháil Éireann faoin mbealach a riaradh cistí poiblí agus trí thuarascálacha a sholáthar dó faoi cheisteanna a eascraíonn as iniúchtaí agus scrúduithe reachtúla eile. Déanann Coiste um Chuntais Phoiblí (CCP) Dháil Éireann breithniú ar na tuarascálacha sin.

Is í croíobair na hOifige tabhairt faoi iniúchtaí airgeadais a as a n-eascraíonn tuairim bhliantúil faoi gach cuntas comhlachtaí Stáit agus atá urraithe ag an Stát a thagann faoi chuimsiú shainchúram iniúchóireachta an ARCC. Is é atá i gceist leis an obair sin scrúdú a dhéanamh ar chuntais agus ar bhuntaifid agus idirbhearta na n-eintiteas sin leis an méid seo a leanas a chinntiú

- go dtugann na cuntais léargas ceart ar na hidirbhearta
- gur idirbhearta rialta iad na hidirbhearta a chuirtear i dtaifead sna cuntais – cuireadh i bhfeidhm iad chun na gcríoch a beartaíodh agus i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear iad.

Déanann an Oifig raon oibre eile freisin arb é is aidhm léi tástáil ar bhonn lánroghnach a dhéanamh maidir le cibé acu

- ar bhain eagraíochtaí Stáit luach ar airgead amach
- ar cuireadh dea-phrionsabail bhainistíochta airgeadais i bhfeidhm agus cistí poiblí á riar
- ar cuireadh cistí a íocadh le comhlachtaí a fhaigheann breis agus 50% dá gcistiú ón Stát i bhfeidhm don chuspóir a beartaíodh
- ar seoladh gnó poiblí go cuí.

Mar Ard-Reachtaire ar an Státchiste, údaraíonn an ARCC cistí a scaoileadh ón Státchiste ar iarraidh an Aire Airgeadais nó Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Caithfear na cistí a iarrtar a úsáid ar mhaithe leis na cuspóirí a cheadaítear sa dlí agus ní féidir iad a tharraingt anuas ach a mhéid sin atá údaraithe ag Dáil Éireann.

Sainchúram iniúcháireachta an ARCC

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar bhreis is 200 cuntas thar raon leathan gníomhaíochtaí Stáit.

- Cuntais Leithreasa Ranna agus Oifigí Rialtais
- Cuntais a bhaineann leis an gCiste Lárnach
- Cistí eile Is éard Cistí eile ann ná comhlachtaí maoiniúcháin a bhunaítear d'fhonn cúnamh airgeadais a chur ar fail do chúinsí áirithe
- Gníomhaireachtaí Leathstáit
- Comhlachtaí Oideachais Tríú Leibhéal
- Boird Oideachais agus Oiliúna
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí sláinte
- Comhlachtaí Thuaidh Theas a bunaíodh faoi shainchúram na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT).

Tugann Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil faoin iniúchadh ar údaráis áitiúla thofa. Déanann gnóthais san earnáil phríobháideach iniúchadh ar Chomhlachtaí Stáit Tráchtála.

Is féidir leis an ARCC cigireacht a dhéanamh ar leabhair, cuntais agus taifid eile de chuid comhlachtaí a fhaigheann 50% nó níos mó dá n-ioncam bliantúil ón Stát chun a chinntiú, i measc rudaí eile, gur caitheadh an t-airgead siúd chun na gcríoch a beartaíodh agus go gcloítear le haon choinníollacha a bhaineann leis an airgead seo a dheonú.

Torthaí iniúchta a thabhairt le fios

Tugtar torthaí iniúchta le fios do Dháil Éireann ar dhá phríomhbhealach, mar atá:-

- deimhnithe nó tuarascálacha iniúchta ina dtugtar tuairim iniúchta faoi chruinneas na ráiteas airgeadais / na gcuntas
- tuarascálacha ar easnaimh i mbainistíocht airgeadais eintiteas aonair agus ceisteanna eile ar dóchúil go mbeidh siad ina n-ábhar imní do Dháil Éireann.

Is doiciméid phoiblí iad na tuarascálacha sin agus tá siad ar fáil don phobal a luaithe a chuirtear faoi bhráid Dháil Éireann iad, áit a ndéanfaidh an CCP breithniú orthu, i seisiún poiblí.

Struchtúr Eagraíochta

Soláthraíonn an Oifig an fhoireann agus an tacaíocht a theastaíonn ón ARCC chun tabhairt faoina dhualgais bhunreachtúla agus reachtúla agus eagraítear an Oifig i dtrí stiúrthóireacht atá faoi bhainistíocht ghinearálta triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta, a ngníomhaíonn duine amháin díobh freisin mar Rúnaí agus Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig.

Is é atá i bhfoireann na hOifige:

- Stiúrthóirí Iniúchóireachta
- Leas-Stiúrthóirí Iniúchóireachta
- Bainisteoir Iniúchta
- Iniúcháirí
- Iniúcháirí faoi Oiliúint
- Foireann riarcháin.

Is é seo seoladh Cheanncheathrú na hOifige agus an seoladh le haghaidh comhfhreagrais:

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

Tá cairt eagraíochta don Oifig ina dtugtar cuntas ar réimsí freagrachtaí na Stiúrthóirí Iniúchóireachta agus Leas-Stiúrthóirí Iniúchóireachta ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige www.audit.gov.ie.

Rialacha agus Cleachtais

Seirbhísí Lárnacha

Cuimsítear le Seirbhísí Lárnacha Airgeadas agus Rialachas, Cumarsáid, TFC agus Áiseanna, Acmhainní Daonna, Foghlaim agus Forbairt, aonaid Chomhlíonta agus Ráthaíochta. Tá príomhréimsí freagrachta na n-aonad seo leagtha amach thíos

- Airgeadas agus Rialachas – soláthar earraí agus seirbhísí, íocaíochtaí a phróiseáil do dhaoine agus do chomhlachtaí, tacaíocht a sholáthar do struchtúir rialachais na hOifige.
- Cumarsáid, TCF agus Áiseanna – teagmháil le páirtithe leasmhara seachtracha, bainistíocht ar sholáthar seirbhísí TFC don Oifig agus ar sholáthar lóistín agus áiseanna sábháilte.
- Acmhainní daonna, foghlaim agus forbairt – straitéis do dhaoine na hOifige a fhorbairt agus a sheachadadh agus réimse seirbhísí bainteacha, lena n-áirítear clár traenála a sholáthar.
- Aonad Comhlíonta agus Ráthaíochta – ag cinntiú go gcomhlíonann an Oifig a dualgais reachtacha agus rialála.

Rialacha agus nósanna imeachta

Tá na rialacha agus na nósanna imeachta faoina n-oibríonn seirbhísí lárnacha i gcomhréir le

- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí - atá ar fáil ag <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/5268bd-government-accounting/>
- ciorcláin phearsanra agus phá, ciorcláin taistil agus chothaithe agus treoirilínte soláthair a eisiúnn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Sheachadadh PFN agus Athchóirithe <https://www.gov.ie/ga/ciorclain/>
- reachtaíocht lena gcuimsítear, i measc rudaí eile, cosaint sonraí agus an RGCS, eitic in oifigí poiblí, sláinte agus sábháilteacht, nochtadh cosanta, cartlanna náisiúnta, saoráil faisnéise, cearta daonna agus comhionannas agus an Ghaeilge.

Iniúcháireacht airgeadais

Tugann an Oifig faoi iniúchadh airgeadais ar 287 ceann de ranna rialtais agus de chomhlachtaí stáit, faoi mar a thuairiscítear sna míreanna thuas.

Rialacha agus Nósanna Imeachta

Tugann an Oifig faoi iniúcháireacht airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (CII de chuid RA/na hÉireann). Tá Aonad Cáilíochta agus Caighdeán san Oifig a n-áirítear lena chuid freagrachtaí a chinntiú go bhfuil caighdeán chuí rialaithe cáilíochta i bhfeidhm, cabhrú leis an bhfoireann déileáil le ceistanna teicniúla agus feabhas a chur ar mhodheolaíochtaí iniúcháireachta.

Iniúchadh Feidhmíochta

Cuireann an Oifig tuarascálacha lánroghnacha le chéile, faoi mar a thuairiscítear sna míreanna thuas.

Rialacha agus Nósanna Imeachta

Cuireann an Oifig tuarascálacha le chéile i gcomhréir le forálacha Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Soláthar Seirbhíse

Aschur

Foilsíonn an Oifig tuairimí iniúchóireachta gach bliain ar chuntais leithreasa ranna an rialtais láir, tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí anuas ar thuarascálacha ina gcuimsítear ábhair a bhaineann le luach ar airgead agus ceisteanna ginearálta a eascraíonn as iniúchadh a dhéanamh ar chomhlachtaí stáit.

Eisíonn sí tuairimí iniúchóireachta freisin ar ráitis airgeadais chomhlachtaí eile a bhfuil ar an ARCC iniúchadh a dhéanamh orthu agus a gcuireann Aire ábhartha an Rialtais faoi bhráid Dháil Éireann iad.

Cén fhaisnéis atá ar fáil?

Bíonn an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go rialta ón Oifig gan iarraidh SF a sheoladh ar aghaidh

- tuarascálacha ar chuntais seirbhísí poiblí, lena n-áirítear tuairimí an ARCC ar chuntais leithreasa ranna rialtais
- tuarascálacha speisialta, lena n-áirítear tuarascálacha ar cheisteanna ginearálta a eascraíonn as a iniúchadh airgeadais agus as a scrúduithe ar luach ar airgead
- Ráiteas Straitéise na hOifige
- tuarascáil feidhmíochta,
- nochtadh cosanta
- faisnéis chorpóraideach eile.

Tá tuairimí iniúchóireachta ar chuntais chomhlachtaí stáit ar a ndearna an ARCC iniúchadh iarcheangailte leis na foilseacháin sin agus cuireann Aire ábhartha an Rialtais faoi bhráid Dháil Éireann iad. Is gnách gur féidir na ráitis airgeadais iniúchta a fháil ón gcomhlacht féin nó ar a láithreán gréasáin.

Cá bhfuil faisnéis ar fáil faoi láthair?

Cuirtear na tuarascálacha uile a fhoilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid Dháil Éireann. Tá siad sin ar fáil freisin i bhformáid leictreonach ó láithreán gréasáin na hOifige www.audit.gov.ie

Coimeádann an Oifig taifid phearsanra dá baill foirne go léir agus comhaid riaracháin ghinearálta ag a hoifig.

Foilsíonn an Oifig cuntas ar iarrataí SF a fuair an Oifig ar an láithreán gréasáin agus nuashonraítear é ar bhonn ráithiúil.

Conas Iarratas a dhéanamh ar Fhaisnéis

Iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis faoin Acht SF

Faoin Acht SF, tá duine ar bith i dteideal iarratas a dhéanamh ar theacht ar fhaisnéis nach bhfuil fáil phoiblí uirthi ar bhealach eile. Tá sé de cheart ag gach duine, faoi réir shrianta Alt 42 den Acht, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- teacht ar thaifid atá á gcoimeád ag an Oifig
- faisnéis phearsanta a bhaineann leis/léi féin atá á coimeád ag an Oifig a cheartú, nuair atá an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach
- teacht ar chúiseanna a bhí le cinntí ón Oifig a imríonn tionchar díreach air/uirthi féin.

Tagann na taifid seo a leanas faoi chuimsiú raon feidhme an Achta:

- gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá á choimeád ag an Oifig gan aird ar cathain a cruthaíodh iad
- taifid eile a cruthaíodh tar éis an dáta tosaithe, i.e. an 21 Aibreán 1998
- aon taifid eile atá riachtanach chun tuiscint a fháil ar thaifead reatha.

Tá oibleagáid ar an Oifig freagairt don iarraidh laistigh de cheithre seachtaine.

Ba cheart iarrataí ar fhaisnéis faoin Acht SF a sheoladh chuig:

An tUasal Denis Cromie
An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01PF72.

Guthán: 01 863 8600

Ríomhphost: foi@audit.gov.ie

Ba cheart iarratais a dhéanamh i scríbhinn nó le ríomhphost agus ba cheart an méid seo a leanas a chur ar áireamh iontu

- Ráiteas á rá go bhfuil an iarraidh á déanamh faoin Acht SF;
- A oiread faisnéise agus is féidir a thabhairt faoi na taifid atá á lorg;
- A shonrú cén fhormáid inar mian leat aon taifid a scaoiltear a fháil (e.g. fótachóipeanna)

Má bhíonn deacracht agat na taifid bheachta atá ag teastáil uait a aithint, beidh foireann na hOifige breá sásta cabhrú leat d'iarraidh a ullmhú.

Cé na táillí a ghearrtar?

Ní ghearrtar aon táille as iarraidh a sheoladh ar aghaidh.

Maidir le hiarrataí neamhphearsanta, is féidir go ngearrfar táillí as an am a caitheadh ar thaifid a aimsiú agus as aon chostais atáirgthe a thabhaigh an Oifig chun an t-ábhar iarrtha a sholáthar duit (táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála). Nuair is ionann an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála agus suim is lú ná €101, ní ghearrtar aon táille. Nuair a shroicheann an táille €101 beidh táillí iomlána i bhfeidhm. Nuair is ionann an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála agus suim is mó ná €500 agus is lú ná €700, ní fhéadfar táille is mó ná €500 a ghearradh. Nuair is ionann an costas cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála agus suim is mó ná €700, féadfaimid diúltú don iarraidh a phróiseáil. Cuirfear sonraí faoi na táillí féin a bhaineann le d'iarraidh in iúl duit i scríbhinn. Ba cheart íocaíocht a dhéanamh trí ríomhaistriú airgid. I Seol ríomhphost le do thoil, accounts@audit.gov.ie sonraí bainc a fháil. Leagtar amach liosta de na táillí ábhartha thíos.

Liosta táillí

- Ní ghearrtar aon táille as iarraidh a sheoladh ar aghaidh
- Cuardach agus Aisghabháil – €20 san uair (i gcás iarrataí a sháraíonn an costas íosta €100 i dtaobh cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála), faoi réir na dteorainneacha a luaitear thuas.
- €0.04 an bhileog le haghaidh fótachóipe
- Táille ar athbhreithniú inmheánach faoi alt 21 tá – €30 (€10 do shealbhóirí cárta leighis agus cleithúnaithe sealbhóirí cárta leighis)
- Achomharc leis an gCoimisinéir Faisnéise faoi alt 22 tá – €50 (€15 do shealbhóirí cárta leighis agus cleithúnaithe sealbhóirí cárta leighis).

Nótaí:

1. Ní ghearrtar aon táille i gcás nach gcuimsítear sna taifid atá i gceist ach faisnéis phearsanta abhaineann leis an iarratasóir, murab ann do líon mór taifead.
2. Má tá táille iarratais laghdaithe á héileamh agat, caithfear uimhir chláraithe an chárta leighis, d'ainm agus do thoiliú go bhfíoraítear na sonraí sin leis an té a d'eisigh iad a sholáthar i dteannta na hiarrata.
3. Tá liosta iomlán táillí ar fáil ach é a iarraidh.

Ceart chun athbhreithnithe agus achomhairc

Leagtar amach san Acht sraith díolúintí chun faisnéis íogair a chosaint nuair a d'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do phríomhleasanna an Stáit nó tríú páirtithe dá nochtfaí í. I gcás go dtogróidh an Oifig na forálacha sin chun faisnéis a choinneáil siar, féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Is féidir achomharc a dhéanamh freisin ar chinntí maidir le rochtain a chur siar, táillí agus foirmeacha rochtana, etc. Leagtar mionsonraí faoi na sásraí achomhairc amach thíos.

Athbhreithniú inmheánach

Féadfaidh tú athbhreithniú inmheánach a lorg ar an gcinneadh tosaigh, rud a ndéanfaidh oifigeach ar leibhéal níos airde é sna cásanna seo a leanas:

- (a) tá tú míshásta leis an bhfreagairt tosaigh a fuair tú, i.e. diúltaíodh d'fhaisnéis a sholáthar, modh rochtana, táillí, etc., nó
- (b) níl freagra faighte agat laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh duit d'iarratas tosaigh a dhéanamh. Meastar sa chás sin gur diúltaíodh don iarratas uait agus fágann sé sin go bhféadfaidh tú dul ar aghaidh chuig céim an athbhreithnithe inmheánaigh.

Féadtar táille €30 (€10 do shealbhóirí cárta leighis) a ghearradh as a leithéid d'achomharc. Ba cheart iarrataí ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh i scríbhinn chuig:

**An tUasal Leonard McKeown,
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01PF72.**

Guthán 01 863 8600

Ríomhphost foi@audit.gov.ie

Caithfear iarraidh den sórt sin ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh ar aghaidh laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh an chinnidh tosaigh. Caithfidh an Oifig an t-athbhreithniú a chríochnú laistigh de thrí seachtaine. Níl aon táille i gceist maidir le hiarratas as athbhreithniú nach mbaineann le haon ní eile seachas faisnéis phearsanta i ndáil leis as iarratasóir féin nó le cinneadh táille nó éarlais a ghearradh. Is gnách gur gá athbhreithniú inmheánach a chríochnú sular féidir achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir Faisnéise.

Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise

I ndiaidh an t-athbhreithniú inmheánach a chríochnú, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaidh an Coimisinéir Faisnéise athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh. Chomh maith leis sin, mura bhfuair tú freagra ar d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach laistigh de thrí seachtaine, measfar gur diúltaíodh don iarratas uait agus féadfaidh tú an cheist a achomharc leis an gCoimisinéir.

Is féidir achomhairc i scríbhinn a dhéanamh go díreach leis an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

An Coimisinéir Faisnéise

6 Ardán Phort an Iarla

Baile Átha Cliath 2

D02W773.

Guthán 01 639 5689

Ríomhphost info@oic.ie

Féadfar táille €50 (€15 do shealbhóirí cárta leighis) a ghearradh as a leithéid d'iarratas. Arís eile, ní ghearrtar aon táille as achomhairc le hOifig an Choimisinéara Faisnéise a bhaineann le faisnéis phearsanta amháin i dtaca leat féin nó le cinneadh chun táille nó éarlais a ghearradh.

GLUAIS TÉARMAÍ

Cuntas Leithreasa

Cuntas deireadh bliana ar chaiteachas nó ar na saincheisteanna a bhaineann leis an airgead a vótáil Dáil Éireann do gach Roinn nó Oifig Rialtais. Déantar comparáid ann idir an Meastachán a dheonaigh Dáil Éireann agus na híocaíochtaí féin a rinneadh agus na fáлтаis féin a cuireadh i gcuntas agus mínítear ann aon difríochtaí substainteacha idir an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán agus an toradh iarbhair. Tá mionsonraí ann freisin faoi shócmhainní, ceangaltais agus fabhrúithe deiridh ag deireadh na bliana.

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh ghnáthsheirbhísí na ranna agus na n-oifigí rialtais, idir airgead caipitil agus neamhchaipitil, trí mheastachán a cheadú le haghaidh na seirbhísí sin i rith gach bliana, agus trí fheidhm reachtúil a thabhairt do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, bíonn ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhíse vótáilte atá á riar faoina cúram. Tá dualgas reachtúil ann sonraí an toraidh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann, bunaithe ar shuimeanna airgid thirim na n-íocaíochtaí agus na bhfáltais, a chur ar fáil sa chuntas leithreasa.

An Lár-Chiste

Cuntas an Rialtais lena n-íoctar fáлтаis uile an Rialtais agus óna gcistítear caiteachas uile an Rialtais, mura bhforáiltear dá mhalairt sa dlí. Cuirtear idirbhearta an Lár-Chiste i gcuntas sna Cuntais Airgeadais bhliantúla.

Sochar

Údarú a thugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, ar iarraidh ón Aire Airgeadais, don Bhanc Ceannais chun airgead a scaoileadh le Cuntas an Stáitchiste.

Cuntais Airgeadais

Cuntais bhliantúla a chuireann an Roinn Airgeadais faoi bhráid Dháil Éireann ina gcuimsítear anailís mhionsonraithe agus aicmiú ar fháltais agus saincheisteanna an Lár-Chiste anuas ar mhionsonraí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na cuntais sin.

Caiteachas Neamhvótáilte

Caiteachas a fhéadfar a thabht, trí thagairt do reachtanna áirithe, ón Lár-Chiste gan tagairt bhliantúil do Dháil Éireann sna Meastacháin.

An CCP

Bunaíodh an Coiste um Chuntais Phoiblí (an CCP), ar roghchoiste Dháil Éireann é a bunaíodh chun scrúdú a dhéanamh ar na cuntais a dhéanann an ARCC agus tuarascálacha éagsúla ARCC, i measc rudaí eile, a iniúchadh.

Comhlacht Stáit

Is iad na Comhlachtaí Stáit sa treoir seo na comhlachtaí sin seachas ranna nó oifigí rialtais atá faoi réir iniúchóireachta ag an ARCC. Bunaítear Comhlachtaí Stáit den sórt sin faoi reachtaíocht shonrach nó faoi dhlí na gcuideachtaí de ghnáth. Tugtar údarás iniúchóireachta faoin reachtaíocht bunaithe nó faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Áirítear le Comhlachtaí Stáit a dhéanann ARCC a iniúchadh gníomhaireachtaí leathstáit agus fiontair faoi úinéireacht an Stáit, Comhlachtaí oideachais tríú leibhéal, Boird Oideachais agus Oiliúna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus gníomhaireachtaí sláinte. Cuireann Aire ábhartha an Rialtais a gcuntais faoi bhráid Dháil Éireann.

Vóta

Réimse comhtháiteach de chaiteachas Rialtais a bhfuil Roinn nó Oifig Rialtais aonair freagrach as, agus atá cuntasach do Dháil Éireann, ar a uain sin, as an gcaiteachas.

Caiteachas Vótáilte

Caiteachas maidir le seirbhísí ginearálta Ranna nó Oifigí Rialtais a chuirtear ar fáil as airgead a vótáil trí Dháil Éireann don chuspóir sin ar bhonn bliantúil.